



2023/2606

23.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2606 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Samhain 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh Ballstát áirithe a fheabhsú

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 10d(12) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 2003/87/CE, bunaíodh ciste lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i mBallstáit áirithe (an 'Ciste don Nuachóiriú'). Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 ón gCoimisiún ⁽²⁾, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú an Chiste don Nuachóiriú.
- (2) Le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, leasaíodh Airteagal 10d de Threoir 2003/87/CE lenar bunaíodh an Ciste don Nuachóiriú i roinnt gnéithe. I measc nithe eile, leathnaíodh raon feidhme infheistíochtaí tosaíochta chun bonneagar le haghaidh soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha a chumhdach, agus leathnaíodh tacaíocht ón gCiste don Nuachóiriú chun an Ghréig, an Phortaingéil agus an tSlóivéin a chumhdach. Na rialacha mionsonraithe maidir le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001, ba cheart, mar sin, iad a ailíniú le Treoir 2003/87/CE, arna leasú le Treoir (AE) 2023/959.
- (3) Le Treoir 2003/87/CE, sonraítear an t-ioncam ón gCiste don Nuachóiriú is féidir a úsáid le haghaidh infheistíochtaí lena mbaineann breoslaí iontaise gásacha. Thairis sin, sonraítear leis an Treoir sin an t-ioncam a úsáidfear i gcomhréir leis na critéir 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a leagtar amach in Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾, i gcás ina n-úsáidtear ioncam den sórt sin le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch ar bunaíodh critéir scagtha theicniúla ina leith chun a chinneadh cé acu a dhéanann nó nach ndéanann gníomhaíocht eacnamaíoch dochar suntasach do cheann amháin nó níos mó de na cuspóirí comhshaoil ábhartha a bunaíodh de bhun Airteagal 10(3), pointe (b), den Rialachán sin. Chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais sin, is iomchuí idirdhealú a leagan síos, i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001, idir roinnt catagóirí agus fochatagóirí ioncaim ón gCiste don Nuachóiriú sna nósanna imeachta um thograí infheistíochta a thíolacadh agus a mheasúnú.
- (4) Chun bainistíocht fhónta airgeadais an Chiste don Nuachóiriú a fheabhsú, na tionscadail ar mó ná EUR 70 000 000 an tacaíocht a iarradh ar an gCiste don Nuachóiriú ina leith ('tionscadail mhórsála'), agus ar dócha dá bhrí sin go gcuirfeadh chun feidhme iad thar thréimhse níos faide nó i gcéimeanna, ba cheart iad a bheith faoi réir eisíocaíocht chéimnithe a bhunófar ar sceideal arna mholadh ag an mBallstát is tairbhí. Na rialacha a bhaineann leis an gcéad eisíocaíocht agus eisíocaíochtaí ina dhiaidh sin, ba cheart feidhm a bheith acu maidir leis na tionscadail mhórsála sin. Agus eisíocaíochtaí á n-iarraidh ina dhiaidh sin, ba cheart don Bhallstát is tairbhí faisnéis a sholáthar maidir le cur chun feidhme an tionscadail mhórsála.

⁽¹⁾ IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 ón gCoimisiún an 9 Iúil 2020 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hoibriú an Chiste don Nuachóiriú lena dtacaítear le hinfheistíochtaí chun córais fuinnimh a nuachóiriú agus chun éifeachtúlacht fuinnimh Ballstát áirithe a fheabhsú (IO L 221, 10.7.2020, lch. 107).

⁽³⁾ Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

- (5) Chun feabhas a chur ar thrédhearcacht an chistithe faoin gCiste don Nuachóiriú, ba cheart dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir le tograí infheistíochta i dtaca le tionscadail mhórsála agus scéimeanna ar mó ná EUR 100 000 000 an tacaíocht a iarradh ina leith ('scéimeanna mórsála') sula gcuirtear na tionscadail agus na scéimeanna sin faoi bhráid an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta ('BEI') agus an Choiste Infheistíochta. Ba cheart do na Ballstáit is tairbhíthe cinneadh a dhéanamh maidir leis an nós imeachta um chomhairliúchán den sórt sin.
- (6) Chun úsáid éifeachtúil acmhainní an Chiste don Nuachóiriú a áirithiú le haghaidh scéimeanna lena bhféadfadh líon mór infheistíochtaí beaga a bheith i gceist, infheistíochtaí a chuirfear chun feidhme thar thréimhse de bhlianta, ba cheart don Bhallstát is tairbhí faisnéis a sholáthar maidir le cur chun feidhme na scéimeanna sin agus eisiocaíochtaí á n-iarradh ina dhiaidh sin. Thairis sin, chun a áirithiú go leanann scéimeanna fadtéarmacha de bheith ag comhlíonadh chuspóirí an Chiste don Nuachóiriú, is iomchuí teorainn 5 bliana a chur le fad na scéimeanna sin. Ina dhiaidh sin, an Ballstát is tairbhí ar mian leis leanúint ar aghaidh leis an scéim, féadfaidh sé togra infheistíochta nua a chur isteach a ndéanfar measúnú iomlán air.
- (7) Ar mhaithe le cobhsaíocht an dlí le haghaidh na scéimeanna arna ndeimhniú ag BEI nó arna moladh le haghaidh maoiniú ag an gCoiste Infheistíochta roimh an 5 Meitheamh 2023 (i.e., roimh dháta theacht i bhfeidhm Threoir (AE) 2023/959, lenar cuireadh isteach Airteagal 10f i dTreoir 2003/87/CE), ba cheart a fhoráil nach mbraitheann eisiocaíochtaí ina dhiaidh sin le haghaidh na scéimeanna sin ar chomhlíontacht na scéime le hAirteagal 10f de Threoir 2003/87/CE. Ar an taobh eile, eisiocaíochtaí le haghaidh aon infheistíocht arna ndeimhniú ag BEI nó arna moladh le haghaidh maoiniú ag an gCoiste Infheistíochta an 5 Meitheamh 2023 nó ina dhiaidh sin, comhlíonfaidh siad Airteagal 10f de Threoir 2003/87/CE.
- (8) Chun úsáid éifeachtúil acmhainní ón gCiste don Nuachóiriú a chur chun cinn agus chun a sheachaint go gcoimeádtar iad in infheistíochtaí nach gcuirtear chun feidhme, ba cheart feabhas a chur ar na rialacha a bhaineann le hinfeistíochtaí scortha. Is ceart a mheas go bhfuil infheistíochtaí scortha más rud é, tar éis tréimhse áirithe ama, nár tháinig gealltanais dlíthiúil ceangailteach idir an Ballstát nó údaráis bainistíochta na scéime agus tairbhí deiridh acmhainní an Chiste don Nuachóiriú mar thoradh orthu, sin nó más rud é nár tugadh aon tacaíocht don infheistíocht, ach amháin i gcás ina bhféadfaidh an Ballstát a léiriú go bhfuil an infheistíocht á cur chun feidhme.
- (9) Ba cheart na rialacha lena rialaítear oibriú an Choiste Infheistíochta a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise bhallraíocht an Choiste ar cuireadh léi, lena n-áirítear ionadaithe Ballstát nua is tairbhíthe.
- (10) Chun feabhas a chur ar chomhleanúnachas na n-infheistíochtaí arna maoiniú faoin gCiste don Nuachóiriú agus chun a áirithiú go rannchuidíonn siad le cuspóirí aeráide agus fuinnimh an Aontais, ba cheart do na Ballstáit is tairbhíthe forbheathnú ar a n-infheistíochtaí atá beartaithe agus a dtuarascáil bhliantúil a sheoladh an tráth céanna. Leis an tuarascáil bhliantúil, is ceart míniú a thabhairt ar an gcaidreamh idir infheistíochtaí atá beartaithe agus na pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide faoi Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾. Ba cheart dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis an dréacht-forbheathnú ar na hinfeistíochtaí atá beartaithe. Ba cheart do na Ballstáit is tairbhíthe cinneadh a dhéanamh maidir leis an nós imeachta um chomhairliúchán den sórt sin.
- (11) Chun feabhas a chur ar an measúnú ar thograí infheistíochta agus faireachán ar chur chun feidhme infheistíochtaí leanúnacha, ba cheart tuilleadh faisnéise a sholáthar maidir le tograí agus infheistíochtaí den sórt sin. Chun faisnéis chuimsitheach a sholáthar maidir le hacmhainneacht dícharbónaithe na n-infheistíochtaí uile go háirithe, ba cheart faisnéis a bheith sna tograí infheistíochta uile maidir lena n-acmhainneacht um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na costais laghdaithe lena mbaineann. Ina theannta sin, is ceart faisnéis maidir le cé acu a bronnadh nó nár bronnadh séala nó aon mharc cáilíochta arna sholáthar ag dlí an Aontais ar an infheistíocht a chur san áireamh sna forbheathnuithe ar na hinfeistíochtaí atá beartaithe agus na tograí infheistíochta, tar éis measúnú de chineál dearfach a dhéanamh uirthi i gclár cistithe a bhainistítear go díreach.
- (12) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2020/1001 a leasú dá réir sin.
- (13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1001 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

- '(6) ciallaíonn 'scéim mórsála' scéim ar mó ná EUR 100 000 000 an tacaíocht iomlán a iarradh ar an gCiste don Nuachóiriú ina leith;
- (7) ciallaíonn 'tionscadal mórsála' infheistíocht nach scéim í, ar mó ná EUR 70 000 000 an tacaíocht iomlán a iarradh ar an gCiste don Nuachóiriú ina leith;
- (8) ciallaíonn 'catagóir cistí' aon cheann de na catagóirí cistí seo a leanas atá ar fáil do Bhallstát is tairbhí:
 - (a) cistí a ghintear trí lamhálaí a chur ar ceant faoi Airteagal 10(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/87/CE;
 - (b) cistí a ghintear trí lamhálaí a chur ar ceant faoi Airteagal 10(1), an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/87/CE;
 - (c) cistí a ghintear trí lamhálaí arna n-aistriú chuig an gCiste don Nuachóiriú a chur ar ceant faoi Airteagal 10d(4) de Threoir 2003/87/CE;
- (9) ciallaíonn 'fochatagóir cistí' aon cheann de na fochatagóirí cistí seo a leanas a ghintear trí lamhálaí arna n-aistriú chuig an gCiste don Nuachóiriú a chur ar ceant i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/87/CE:
 - (a) cistí a ghinfear roimh an 31 Nollaig 2027;
 - (b) cistí a ghinfear idir an 31 Nollaig 2027 agus an 30 Nollaig 2028;
 - (c) cistí a ghinfear tar éis an 30 Nollaig 2028.;

(2) Scriostar Airteagal 3;

(3) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

- (a) i mír 1, an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad 'BEI': 'an Banc Eorpach Infheistíochta ('BEI');
- (b) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

'2a. I gcás ina mbaineann infheistíocht le tionscadal mórsála, cuirfidh an Ballstát is tairbhí togra isteach i gcomhréir le mír 1.

Agus an togra sin á chur isteach ag an mBallstát is tairbhí, sonrúidh sé an méid a iarrtar mar chéad eisíocaíocht don tionscadal mórsála agus cuirfidh sé isteach sceideal cur chun feidhme tionscadail agus sceideal eisíocaíochta a ghabhann leis.

Tar éis don Choimisiún teacht ar chinneadh maidir leis an gcéad eisíocaíocht don tionscadal mórsála faoi Airteagal 8(1), i gcás aon eisíocaíocht ina dhiaidh sin, ceanglófar ar an mBallstát is tairbhí togra faoi leith a chur isteach lena sonraítear an méid a bheidh le heisíoc agus ina bhfuil faisnéis arna tabhairt cothrom le dáta maidir leis an tionscadal mórsála, de réir mar is iomchuí. Thairis sin, soláthróidh an Ballstát is tairbhí faisnéis maidir le cur chun feidhme an tionscadail i gcomparáid leis an sceideal cur chun feidhme a cuireadh isteach.

2b. Rachaidh na Ballstáit is tairbhíthe i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis na dréacht-tograí infheistíochta le haghaidh tionscadail mhórsála agus scéimeanna mórsála, i gcomhréir le forálacha ábhartha de chuid an Aontais nó forálacha ábhartha náisiúnta maidir le faisnéis rúnda a chosaint. Leagfaidh na Ballstáit is tairbhíthe tráthchláir réasúnta síos chun na páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas agus deis a thabhairt dóibh a dtuairimí a chur in iúl sula gcuirtear na tograí infheistíochta faoi bhráid BEI.;

(4) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

‘Leis an ráiteas maidir leis na cistí atá ar fáil, sonrófar na catagóirí agus fochatagóirí cistí atá ar fáil don Bhallstát is tairbhí, de réir mar is iomchuí.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

‘Le haghaidh gach catagóire agus fochatagóire cistí, sonrófar an méid seo a leanas leis an ráiteas maidir leis na cistí atá ar fáil.’;

(5) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 7 mar a leanas:

i cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tá cistí leordhóthanacha ar fáil ag an mBallstát is tairbhí sa chatagóir nó fochatagóir cistí ábhartha de réir an ráitis maidir leis na cistí atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus tar éis aon mhéid atá le heisióc le haghaidh infheistíochtaí a deimhníodh cheana a asbhaint i gcomhréir le mír 9 den Airteagal seo’;

ii bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

‘— tá díolmhaithe ón bhfógra Státchabhrach i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le Státchabhair’;

iii cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(ca) léirigh an Ballstát is tairbhí go gcomhlíonann an infheistíocht Airteagal 10f de Threoir 2003/87/CE, i gcás inar gá’;

iv cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(f) i gcás ina mbaineann togra le scéim, ní rachaidh fad na scéime thar 5 bliana. Ní chuirfidh an coinníoll sin cosc ar an mBallstát togra nua infheistíochta a chur isteach le go leanfar leis an scéim i gcomhréir le hAirteagal 4.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. I gcás ina mbaineann togra le heisiocaíocht ina dhiaidh sin le haghaidh scéim nó tionscadal mórsála a dheimhnigh an BEI i gcomhréir le mír 9 sula n-íoctar an chéad eisiocaíocht agus i gcás nár athraíodh an scéim nó an tionscadal mórsála in aon chor, féadfaidh an BEI an togra a dheimhniú mar infheistíocht tosaíochta, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) comhlíonann an infheistíocht na ceanglais a shonraítear le mír 7, pointí (b) agus (c);

(b) comhlíonann an infheistíocht an ceanglas a shonraítear le mír 7, pointe (ca), ach amháin le haghaidh na scéimeanna arna ndeimhniú ag BEI i gcomhréir le mír 9 roimh an 5 Meitheamh 2023;

(c) soláthraíonn an Ballstát is tairbhí faisnéis maidir le cur chun feidhme na scéime nó an tionscadail mhórsála i gcomhréir le hlarscríbhinn I, pointe 4.2.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘11. Is neamh-inghlactha togra infheistíochta a dhúblálann go substaintiúil togra a cuireadh isteach roimh ré nár dheimhnigh BEI’;

(6) Leasaítear Airteagal 7 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 7 mar a leanas:

i cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) tá cistí leordhóthanacha ar fáil ag an mBallstát is tairbhí sa chatagóir nó fochatagóir cistí ábhartha de réir an ráitis maidir leis na cistí atá ar fáil dá dtagraítear in Airteagal 5(1) agus tar éis aon mhéid atá le heisióc de réir faisnéise a shonraítear in Airteagal 6(10) a asbhaint agus ar bhonn na moltaí arna gcur amach cheana i gcomhréir le mír 9 den Airteagal seo’;

ii bpointe (c), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an fhrása réamhráitigh:

‘i gcás ina maoiníofar an infheistíocht atá beartaithe le hioncam a ghinfear ó na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/87/CE, nó ó lamháltais arna n-aistriú chuig an gCiste don Nuachóiriú faoi Airteagal 10d(4) den Treoir sin, a chur ar ceant, ar a laghad 80 % den ioncam ó lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an tríú fomhír, agus ó lamháltais arna n-aistriú chuig an gCiste don Nuachóiriú faoi Airteagal 10d(4) de Threoir 2003/87/CE arna n-úsáid ag an mBallstát is tairbhí atá i sciar na gcistí a leithdháilfear ar infheistíochtaí tosaíochta, lena n-áirítear na cistí seo a leanas:’;

iii cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(ca) i gcás ina maoiníofar an infheistíocht atá beartaithe le hioncam a ghinfear ó na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an ceathrú fomhír, de Threoir 2003/87/CE a chur ar ceant, ar a laghad 90 % den ioncam ó lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an ceathrú fomhír, arna n-úsáid ag an mBallstát is tairbhí, atá i sciar na gcistí a leithdháilfear ar infheistíochtaí tosaíochta, lena n-áirítear na cistí seo a leanas:

- cistí a eisíocadh cheana le haghaidh infheistíochtaí tosaíochta agus neamhthosaíochta,
- cistí atá fós le heisíoc de réir na faisnéise a shonraítear in Airteagal 6(10),
- cistí atá fós le heisíoc i gcomhréir le moladh arna eisiúint cheana faoi mhír 9,
- cistí a iarradh le haghaidh an togra infheistíochta atá faoi mheasúnú;’;

iv bpointe (e), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fleasc:

‘— tá sé díolmhaithe ón bhfógra Státchabhrach i gcomhréir le rialacha is infheidhme maidir leis an státchabhair;’;

v cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(ea) léirigh an Ballstát is tairbhí go gcomhlíonann an infheistíocht Airteagal 10f de Threoir 2003/87/CE, i gcás inar gá;’;

vi cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(h) i gcás ina mbaineann togra le scéim, ní rachaidh fad na scéime thar 5 bliana. Ní chuirfidh an coinníoll sin cosc ar an mBallstát is tairbhí togra nua infheistíochta a chur isteach le go leanfar leis an scéim.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 8:

‘8. I gcás ina mbaineann togra le heisiocaíocht ina dhiaidh sin le haghaidh scéim nó tionscadal mórsála dár mhol an Coiste Infheistíochta an maoiniú i gcomhréir le mír 9 sular íocadh an chéad eisiocaíocht, agus nár athraíodh an scéim nó tionscadal mórsála, féadfaidh an Coiste Infheistíochta an togra a mholadh le haghaidh maoiniú, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) comhlíonann an infheistíocht na ceanglais a shonraítear le mír 7, pointí (b) go (e);
- (b) comhlíonann an infheistíocht an ceanglas a shonraítear i mír 7, pointe (ea), ach amháin le haghaidh na scéimeanna arna moladh le haghaidh maoiniú ag an gCoiste Infheistíochta i gcomhréir le mír 9 roimh 5 Meitheamh 2023;
- (c) soláthraíonn an Ballstát is tairbhí faisnéis maidir le cur chun feidhme na scéime nó an tionscadail mhórsála i gcomhréir le hlarscríbhinn I, pointe 4.2.’;

(c) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘11. Is neamh-inghlactha togra infheistíochta a dhúblálann go substaintiúil togra a cuireadh isteach roimh ré nár mhol an Coiste Infheistíochta.’;

(7) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Bhallstát is tairbhí faoin gcinneadh maidir leis an eisíocaíocht, agus cuirfidh sé ar an eolas BEI, an Coiste Infheistíochta agus, i gcás inarb ábhartha, an Ballstát nach tairbhí ina lonnaítear réigiún teorann an Aontais in aice láimhe a bhaineann leis an infheistíocht.’;

(8) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 10:

‘Airteagal 10

Infheistíochtaí scortha

1. Faoi réir na tuarascála bliantúla arna cur isteach ag an mBallstát is tairbhí faoi Airteagal 13, measfar infheistíocht a bheith scortha in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

- a) níor thug an Ballstát is tairbhí ná údarás bainistíochta na scéime gealltanais dlíthiúil, laistigh de 2 bhliain ón tarchur cistí is déanaí ó BEI faoi Airteagal 9, le togróir an tionscadail nó le haon cheann d’fhaighteoirí deiridh na scéime, chun an infheistíocht a mhaoiniú;
- b) níor thug an Ballstát is tairbhí ná údarás bainistíochta na scéime aon tacaíocht don infheistíocht le breis agus 2 bhliain ó thug siad gealltanais dlíthiúil an infheistíocht a mhaoiniú le togróir an tionscadail nó le haon cheann d’fhaighteoirí deiridh na scéime, ach amháin i gcás ina bhfuil an Ballstát is tairbhí in ann a léiriú go bhfuil an infheistíocht á cur chun feidhme agus go dtabharfar tacaíocht laistigh de thréimhse réasúnta.

2. Sa chinneadh a ghlacfar faoi Airteagal 8, modhnóidh an Coimisiún an méid a eisíocadh cheana le haghaidh na infheistíochta scortha trí aon mhéid nár gealladh go dlíthiúil fós a asbhaint i gcás nach leanfar ar aghaidh leis an infheistíocht faoi mhír 1, pointe (a), nó aon mhéid nár tugadh fós a asbhaint i gcás nach leanfar ar aghaidh leis an infheistíocht faoi mhír 1, pointe (b). Cuirfidh aon mhéid den sórt sin leis na hacmhainní sa Chiste don Nuachóiriú a bheidh ar fáil don Bhallstát lena mbaineann faoi Airteagal 5(2)(b) agus déanfar é a fhritháireamh in aghaidh aon íocaíocht sa todhchaí ó BEI leis an mBallstát lena mbaineann faoi Airteagal 9. Cuirfidh an Coimisiún BEI ar an eolas faoin ngá an méid sin a fhritháireamh.

3. Gan dochar do mhír 1 den Airteagal seo, roimh dháta deiridh an ráitis maidir leis na cistí atá ar fáil, a leagtar amach in Airteagal 5(3), féadfaidh an Ballstát is tairbhí an Coimisiún a chur ar an eolas faoi infheistíocht scortha agus modhnú a iarraidh ar an gcinneadh eisíocaíochta i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo. Féadfar an t-iarratas sin a dhéanamh i dtaca leis na méideanna nár cumhdaíodh fós le gealltanais dlíthiúil nó nár íocadh fós le togróir an tionscadail nó le faighteoirí deiridh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú, agus na méideanna a íocadh cheana le togróir an tionscadail nó le tairbhíthe deiridh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú, ach a gnóthaigh an Ballstát is tairbhí ina dhiaidh sin. Cuirfidh an Ballstát is tairbhí fianaise dhoiciméadach ar fáil lena dtugtar údarú leis an iarratas.

Beidh feidhm ag mír 2 maidir leis an gcinneadh eisíocaíochta a mhodhnú, acmhainní an Chiste don Nuachóiriú a bheidh ar fáil don Bhallstát lena mbaineann a mhéadú, agus an méid a chuirfear ar ais sa Chiste a fhritháireamh in aghaidh aon íocaíocht sa todhchaí ó BEI leis an mBallstát.’;

(9) in Airteagal 11, cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘3a. I gcás ina maoiníofar an infheistíocht atá beartaithe le hioncam a ghinfear ó na lamháltais dá dtagraítear in Airteagal 10(1), an tríú fomhír, de Threoir 2003/87/CE nó ó na lamháltais arna n-aistriú chuig an gCiste don Nuachóiriú faoi Airteagal 10d(4) den Treoir sin, a chur ar ceant, agus an t-ioncam sin amháin, is iad ionadaithe na mBallstát is tairbhíthe a shonraítear le Cuid A d’Iarscríbhinn IIb a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a bheidh i dteideal plé a dhéanamh agus vóta a chaitheamh, agus na hionadaithe sin amháin.

3b. I gcás ina mbaineann infheistíocht le réigiún teorann an Aontais in aice láimhe atá lonnaithe i mBallstát nach tairbhí a ndéanann an Coiste Infheistíochta ionadaíocht air, agus nach dtacaíonn ionadaí BEI leis an togra infheistíochta sin a mhaoiniú, ní bheidh an t-ionadaí ón mBallstát sin nach tairbhí i dteideal vóta a chaitheamh maidir leis an togra.’;

(10) in Airteagal 12, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Forbróidh BEI treoirlínte maidir le bainistiú sócmhainní chun na hioncaim ón gCiste don Nuachóiriú a bhainistiú, chun a áirithiú go mbainistítear an t-ioncam sin i gcomhréir le cuspóirí Threoir 2003/87/CE agus rialacha inmheánacha BEI.’;

(11) Leasaítear Airteagal 13 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

‘Faireachán, tuairisciú agus réamhphleanáil na mBallstát is tairbhíthe’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Beidh forbhreathnú ar na hinfheistíochtaí a mbeartaíonn an Ballstát is tairbhí tograí infheistíochta a chur isteach ina leith sa chéad dá bhliain féilire eile, agus ionchas go dtí 2030, ag gabháil leis an tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear i mír 1, chomh maith le faisnéis arna tabhairt cothrom le dáta maidir le hinfheistíochtaí a cumhdaíodh le haon forbhreathnú roimhe sin.’;

(c) cuirtear na míreanna seo a leanas isteach:

‘3. Beidh an fhaisnéis a shonraítear in Iarscríbhinn III san forbhreathnú agus, a mhéid is féidir, san ionchas go dtí 2030 dá dtagraítear i mír 2.

4. Ní bheidh an fhaisnéis a áireofar san forbhreathnú dá dtagraítear i mír 2 ina ceangal ar an mBallstát is tairbhí agus tograí infheistíochta á gcur isteach aige faoi Airteagal 4.

5. Áiríteoidh na Ballstáit is tairbhíthe go rachfar i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara ábhartha maidir leis an dréacht den forbhreathnú dá dtagraítear i mír 2. Leagfaidh na Ballstáit is tairbhíthe tréimhsí ama réasúnta síos chun na páirtithe leasmhara ábhartha a chur ar an eolas agus deis a thabhairt dóibh a dtuairimí a chur in iúl sula gcuirfear an forbhreathnú faoi bhráid an Choimisiúin.’;

(12) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

‘Airteagal 13a

Faireachán agus tuairisciú na mBallstát nach tairbhíthe maidir le hinfheistíochtaí a bhaineann le réigiúin teorann an Aontais in aice láimhe

I gcás ina n-úsáideann an Ballstát is tairbhí na hacmhainní arna leithdháileadh air chun infheistíochtaí lena mbaineann réigiún teorann an Aontais in aice láimhe a mhaoiniú, soláthróidh an Ballstát nach tairbhí a lonnaítear sa réigiún sin aon fhaisnéis agus fianaise dhoiciméadach is gá don Bhallstát is tairbhí le go gcomhlíonfaidh an Ballstát is tairbhí Airteagal 13.’;

(13) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas:

i cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) agus phointe (b):

‘(a) an líon tograí infheistíochta a fuarthas agus an líon tograí infheistíochta a deimhníodh, lena n-áirítear sonraíocht na réimse infheistíochta agus na méideanna comhfhreagracha;

(b) an líon moltaí a eisíodh, conclúidí achoimre le haghaidh gach moladh agus an líon infheistíochtaí molta’;

ii cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(e) na príomhshonraí agus conclúidí maidir leis na tuarascálacha bliantúla arna gcur isteach ag na Ballstáit is tairbhíthe i gcomhréir le hAirteagal 13(1).’;

(b) i mír 2, cuirtear ‘an 15 Samhain’ in ionad an dáta ‘an 15 Márta’;

(14) i mír 15(1), scriostar an dara fomhír;

(15) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

‘Ullmhóidh BEI cuntais bhliantúla an Chiste don Nuachóiriú le haghaidh gach bliana airgeadais, a mhairfidh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Áiritheoidh na Ballstáit is tairbhíthe go ndéantar iniúchadh gach 2 bhliain ar úsáid na méideanna arna n-íoc ón gCiste don Nuachóiriú ag an mBallstát is tairbhí nó ag údarás bainistíochta na scéime le togróir an tionscadail nó le faighteoirí deiridh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú. Soláthróidh an Ballstát is tairbhí an tuarascáil iniúchóireachta don Choimisiún agus do BEI gan moill mhíchuí.’;

(16) Leasaítear Airteagal 17 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. Cuirfidh na Ballstáit is tairbhíthe faisnéis maidir leis na hinfheistíochtaí ar tacaíodh leo faoin Rialachán seo ar fáil go poiblí ar shuíomhanna gréasáin ranna ábhartha a rialtas, chun an pobal a chur ar an eolas faoi ról agus cuspóirí an Chiste don Nuachóiriú. Áireofar san fhaisnéis sin lipéad iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 30m, míreanna 1 agus 2, de Threoir 2003/87/CE.

2. Áiritheoidh na Ballstáit is tairbhíthe go gcomhlíonfaidh faighteoirí deiridh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú na ceanglais maidir le sofheictheacht an chistithe ó ioncam ceantála CTA AE a leagtar amach in Airteagal 30m de Threoir 2003/87/CE. Chuige sin, áireoidh na Ballstáit is tairbhíthe nó údaráis bhainistíochta na scéime na hoibleagáidí ábhartha sna comhaontuithe le faighteoirí deiridh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú, agus déanfaidh siad faireachán ar chomhlíonadh na n-oibleagáidí sin, lena n-áirítear seiceáil a dhéanamh ar na hábhair phoiblíochta a úsáideann na faighteoirí deiridh.’;

(b) scriostar mír 3;

(17) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn I;

(18) Cuirtear an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(19) an téacs a leagtar amach in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear isteach é mar Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

IARSCRÍBHINN I

Faisnéis faoi thograí infheistíochta atá le cur faoi bhráid BEI agus an Choiste Infheistíochta**1. Na tograí infheistíochta uile**

- 1.1. sonraíocht na réimse infheistíochta i gcomhréir le hAirteagal 10d(1) nó (2) de Threoir 2003/87/CE, de réir mar is iomchuí;
- 1.2. tuairisc ghinearálta ar an infheistíocht, lena n-áirítear na cuspóirí agus tairbhí(íthe) spriocdhírthe, an teicneolaíocht (más ábhartha), an acmhainneacht (más ábhartha), agus fad measta na hinfeistíochta;
- 1.3. faisnéis maidir le cé acu a bronnadh nó nár bronnadh séala nó aon lipéad cáilíochta arna fhoráil le dlí an Aontais ar an infheistíocht tar éis meastóireacht de chineál dearfach a dhéanamh uirthi i gclár cistithe a bhainistítear go díreach;
- 1.4. réasúnú le haghaidh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú, lena n-áirítear deimhniú go gcomhlíonann an infheistíocht Airteagal 10d(1) de Threoir 2003/87/CE;
- 1.5. sonraíocht na gcostas a chumhdófar leis an gCiste don Nuachóiriú agus deimhniú go bhfuil gá leis na costais sin chun cuspóirí an Chiste don Nuachóiriú a bhaint amach;
- 1.6. tuairisc ar na hionstraimí tacaíochta ar baineadh úsáid astu;
- 1.7. an méid maoinithe a iarradh ar an gCiste don Nuachóiriú, lena n-áirítear léiriú ar chatagóir(í) agus fochatagóir(í) na gcistí a bheartaítear leis an infheistíocht bheartaithe a mhaoiniú, de réir mar is iomchuí;
- 1.8. ranníocaíocht(aí) ó ionstraimí eile an Aontais agus ó ionstraimí náisiúnta eile;
 - (a) tagairt do chinneadh an Choimisiúin lena nglantar an beart náisiúnta cabhrach;
 - (b) tagairt faoinar cláraíodh an beart blocdhíolmhaithe (uimhir na Státchabhrach arna sannadh ag córas fógartha leictreonach an Choimisiúin);
 - (c) an dáta a bhfuil coinne leis an bhfógra maidir le beart cabhrach a chur faoi bhráid an Choimisiúin;
- 1.10. Dearbhú comhlíontachta an Bhallstáit le dlíthe an Aontais agus na dlíthe náisiúnta is infheidhme;
- 1.11. i gcás ina mbaineann an infheistíocht leis an aistriú cóir i réigiún an Bhallstáit is tairbhí a bhíonn ag brath ar an gcarbón, faisnéis maidir le comhsheasmhacht agus rannchuidiú leis na gníomhaíochtaí ábhartha arna n-áireamh ag an mBallstát ina phlean críochach um aistriú cóir i gcomhréir le hAirteagal 8(2), an chéad fhomhír, pointe (k), de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, i gcás inarb ábhartha;
- 1.12. meastachán ar laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa in tCO₂, agus na toimhdí bunúsacha le haghaidh an mheastacháin;
- 1.13. meastachán ar na costais laghdaithe in EUR/tCO₂, agus na toimhdí bunúsacha le haghaidh an mheastacháin;
- 1.14. faisnéis maidir le cé acu a áiríodh nó nár áiríodh an infheistíocht in aon fhorbhreathnú ar infheistíochtaí roimhe seo i gcomhréir le hAirteagal 13(3), agus más amhlaidh gur áiríodh, cén ceann;
- 1.15. le haghaidh tionscadail mhórsála agus scéimeanna mórsála: faisnéis faoi thoradh an chomhairliúcháin le páirtithe leasmhara.
- 1.16. Ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh, léiriú an Bhallstáit go gcomhlíonann an infheistíocht Airteagal 10f de Threoir 2003/87/CE, i gcás inar gá.

⁽¹⁾ Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1).

2. Faisnéis bhreise faoi scéimeanna

- 2.1. ainm an údaráis bainistíochta;
- 2.2. léiriú maidir le cé acu a bhaineann nó nach mbaineann an togra le scéim atá ann cheana;
- 2.3. méid iomlán na scéime.

3. Faisnéis bhreise faoi thograí nach scéimeanna iad

- 3.1. ainm thogróir an tionscadail;
- 3.2. suíomh an tionscadail;
- 3.3. costais iomlána na hinfheistíochta;
- 3.4. céim forbartha an tionscadail (ó fhéidearthacht go hoibriú);
- 3.5. amlíne agus tuairisc ar na garspriocanna a bhfuil coinne leo go dtí go gcuirfear an tionscadal i gcrích;
- 3.6. liosta ceadúnas sainordaitheach a fuarthas nó a bheidh le fáil;
- 3.7. an dáta a bhfuil coinne le teacht i bhfeidhm an tionscadail.

4. Faisnéis bhreise faoi thionscadail mhórsála nó faoi scéimeanna atá ann cheana

- 4.1. an chéad uair a cuireadh isteach tionscadal mórsála: sceideal cur chun feidhme agus sceideal eisíocaíochta comhfhreagrach;
- 4.2. eisíocaíochtaí ina dhiaidh sin - faisnéis faoin stádas cur chun feidhme:
 - (a) le haghaidh scéimeanna: faisnéis faoi ghlaonna ar thograí, faoi roghnú tionscadal, faoi chomhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le faighteoirí deiridh na tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú, agus faoi na haistrithe a rinneadh chuig na faighteoirí deiridh, de réir mar is ábhartha. I gcás nach ndearnadh aon dul chun cinn nó ina bhfuil moilleanna móra ann ó thángthas ar an gcinneadh deireanach maidir le heisíocaíochtaí, faisnéis faoi na cúiseanna le heaspa dul chun cinn nó moilleanna móra den sórt sin, agus aon ghníomhaíocht cheartaitheach agus amlíne cur chun feidhme;
 - (b) le haghaidh tionscadail mhórsála: faisnéis faoi gharspriocanna a baineadh amach ó thángthas ar an gcinneadh deireanach maidir le heisíocaíochtaí. I gcás inarb ábhartha: athruithe a aithníodh nó a bhfuil coinne leo sna costais incháilithe, sa teicneolaíocht a cuireadh i bhfeidhm nó i dtorthaí na hinfheistíochta. I gcás nach ndearnadh aon dul chun cinn nó ina bhfuil moilleanna móra ann ó thángthas ar an gcinneadh deireanach maidir le heisíocaíochtaí, faisnéis faoi na cúiseanna le heaspa dul chun cinn nó moilleanna móra den sórt sin, agus aon ghníomhaíocht cheartaitheach agus amlíne cur chun feidhme.

5. Faisnéis bhreise faoi thograí neamhthosaíochta

- 5.1. sonraí cainníochtúla a bhaineann leis na céimeanna tógála agus oibriúcháin, lena n-áirítear rannchuidiú an togra le cuspóirí an Chiste don Nuachóiriú, le cuspóirí chreat beartais 2030 an Aontais don aeráid agus don fhuinneamh agus le cuspóirí Chomhaontú Pháras;
- 5.2. réamhaisnéis airgeadais dheimhnithe, lena n-áirítear ranníocaíocht airgeadais bheartaithe ó fhoinsí príobháideacha;
- 5.3. tuairisc ar aon táscaire feidhmíochta spriocdhírithe, arna hiarraidh ag BEI;
- 5.4. faisnéis ábhartha eile a bhaineann le togróir an tionscadail, leis an infheistíocht, le coinníollacha ginearálta an mhargaidh agus le cúrsaí comhshaoil;
- 5.5. le haghaidh scéimeanna: faisnéis maidir le tionscadal ionadaíoch faoin scéim;
- 5.6. staidéar féidearthachta.'

IARSCRÍBHINN II

IARSCRÍBHINN II

Faisnéis atá le soláthar ag an mBallstát is tairbhí don Choimisiún sa tuarascáil bhliantúil**1. Forbhreathnú ar infheistíochtaí**

- 1.1. an líon infheistíochtaí arna maoiniú ón gCiste don Nuachóiriú go dtí seo;
- 1.2. an líon infheistíochtaí leanúnacha, críochnaithe agus scortha;
- 1.3. cóimheas foriomlán an mhaoinithe arna sholáthar d'infheistíochtaí tosaíochta le hinfeistíochtaí neamhthosaíochta, más ann dóibh, sa Bhallstát is tairbhí.

2. Faisnéis maidir le gach infheistíocht

- 2.1. costais iomlána na hinfeistíochta/méid iomlán na scéime (le CBL agus gan CBL) (EUR);
- 2.2. an tacaíocht iomlán a bheartaítear ón gCiste don Nuachóiriú le haghaidh na hinfeistíochta (EUR);
- 2.3. an tacaíocht iomlán a deimhníodh/a moladh ón gCiste don Nuachóiriú le haghaidh na hinfeistíochta (EUR);
- 2.4. an méid iomlán a chumhdaítear le gealltanais dlíthiúil idir an Ballstát is tairbhí/an t-údarás bainistíochta agus togróir an tionscadail/faighteoirí deiridh tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú (scoithdháta: an 31 Nollaig den bhliain sula gcuirfear isteach an tuarascáil) (le haghaidh scéimeanna: figiúr comhiomlánaithe);
- 2.5. an méid iomlán a d'íoc an Ballstát is tairbhí/an t-údarás bainistíochta le togróir an tionscadail/le faighteoirí deiridh tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú (scoithdháta: an 31 Nollaig den bhliain sula gcuirfear isteach an tuarascáil) (le haghaidh scéimeanna: figiúr comhiomlánaithe);
- 2.6. aon mhéid arna aisghabháil ag an mBallstát is tairbhí ó thogróir an tionscadail nó ó údarás bainistíochta na scéime, agus dátaí na haisghabhála sin;
- 2.7. measúnú ar bhreisluach na hinfeistíochta i dtéarmaí éifeachtúlacht fuinnimh agus nuachóiriú an chórais fuinnimh; lena n-áirítear faisnéis faoi na nithe seo a leanas (le haghaidh scéimeanna: figiúirí comhiomlánaithe):
 - (a) an fuinneamh a sábháladh in MWh:
 - faoin 31 Nollaig den bhliain sula gcuirfear isteach an tuarascáil;
 - an méid carnach lena mbeidh coinne faoi dheireadh shaolré na hinfeistíochta;
 - (b) na hastaíochtaí gás ceaptha teasa a sábháladh in tCO₂:
 - faoin 31 Nollaig den bhliain sula gcuirfear isteach an tuarascáil;
 - an méid carnach lena mbeidh coinne faoi dheireadh shaolré na hinfeistíochta;
 - (c) an acmhainneacht bhreise fuinnimh in-athnuaite a suiteáladh, más infheidhme:
 - faoin 31 Nollaig den bhliain sula gcuirfear isteach an tuarascáil;
 - an méid carnach lena mbeidh coinne faoi dheireadh shaolré na hinfeistíochta;
 - (d) costais laghdaithe in EUR/tCO₂ (más infheidhme i bhfianaise chineál na hinfeistíochta):
 - faoin 31 Nollaig den bhliain sula gcuirfear isteach an tuarascáil;
 - an méid lena mbeidh coinne i gcaitheamh shaolré na hinfeistíochta;
- 2.8. deimhniú gur luadh an infheistíocht i bhforbhreathnú ar infheistíochtaí roimhe sin i gcomhréir le hAirteagal 13(2), agus más amhlaidh gur luadh, cén ceann.

3. Faisnéis bhreise faoi chur chun feidhme infheistíochtaí

- 3.1. garspriocanna a baineadh amach ón tuarascáil bhliantúil roimhe sin; (le haghaidh scéimeanna, is féidir a áireamh leis sin, mar shampla, faisnéis faoi ghlaonna ar thograí, roghnú tionscadal, comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích le faighteoirí deiridh tacaíochta ón gCiste don Nuachóiriú);
- 3.2. le haghaidh infheistíochtaí nach scéimeanna iad: an dáta a bhfuil coinne lena dteacht i bhfeidhm;

3.3. moilleanna a aithníodh nó a bhfuil coinne leo maidir le cur chun feidhme;

3.4. le haghaidh infheistíochtaí nach scéimeanna iad: athruithe a aithníodh nó a bhfuil coinne leo sna costais incháilithe, sa teicneolaíocht a cuireadh i bhfeidhm nó i dtorthaí infheistíochta.

4. Faisnéis bhreise faoi infheistíochtaí neamhthosaíochta

4.1. deimhniú ar chómhaoiniú ó fhoinsí príobháideacha.

5. Faisnéis bhreise maidir le leasanna airgeadais an Chiste don Nuachóiriú a iniúchadh agus a chosaint

5.1. achoimre ar thoradh na n-iniúchtaí a rinneadh ar an leibhéal náisiúnta.

6. Faisnéis bhreise faoi rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara

6.1. le haghaidh tionscadail mhórsála agus scéimeanna mórsála, agus tuairisciú á dhéanamh ar an tionscadal nó scéim den chéad uair: forbhreathnú ar an gcomhairliúchán a rinneadh.'

IARSCRÍBHINN III

‘IARSCRÍBHINN III

Faisnéis atá le soláthar ag an mBallstát is tairbhí san fhorbhreathnú ar infheistíochtaí a bheartaítear sa chéad dá bhliain féilire eile agus, i gcás inar féidir, san ionchas go dtí 2030

- 1 Faisnéis maidir le gach infheistíocht:
 - 1.1. ainm thogróir an tionscadail nó ainm údarás bainistíochta na scéime;
 - 1.2. suíomh sonrach na hinfeistíochta nó raon feidhme geografach na scéime;
 - 1.3. meastachán ar chostas iomlán na hinfeistíochta;
 - 1.4. réimse na hinfeistíochta agus tuairisc achomair ar an infheistíocht;
 - 1.5. stádas aon mheasúnú Státchabhrach a bhaineann leis an infheistíocht, i gcás inarb infheidhme;
 - 1.6. meastachán ar an maoiniú ón gCiste don Nuachóiriú agus achoimre ar na tograí maoiniúcháin a bheartaítear;
 - 1.7. faisnéis faoin ngaol idir an infheistíocht agus an plean comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide arna fhógairt faoi Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2018/1999, agus go háirithe a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí, spriocanna, beartaí agus bearta náisiúnta agus an infheistíocht is gá, mar a shonraítear in Airteagal 3(2), pointí (b) agus (c) den Rialachán sin;
 - 1.8. faisnéis maidir le cé acu a bronnadh nó nár bronnadh séala nó aon lipéad cáilíochta arna fhoráil le dlí an Aontais ar an infheistíocht tar éis meastóireacht de chineál dearfach a dhéanamh uirthi i gclár cistithe a bhainistítear go díreach;
2. Faisnéis faoi thoradh chomhairliúcháin na bpáirtithe leasmhara maidir leis an dréacht-fhorbhreathnú ar infheistíochtaí faoi Airteagal 13(5), lena n-áirítear faisnéis faoi na dátaí agus faoin gcineál comhairliúcháin a rinneadh, na cineálacha páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo, an líon freagraí a fuarthas agus achoimre ar na freagraí.’